# Treoir d'Iarratasóirí
# ar Dheonú Paitinne Tosaíochta

**Tá sé ríthábhachtach go léifeá an treoir seo go cúramach sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm iarratais.**

## Clár Ábhar

**Réamhrá** ........ 2
**Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh?** ........ 3
DLÍ-CHLEACHTÓIRÍ ........ 3
DLÍODÓIRÍ I SEIRBHÍS AN STÁIT ........ 4
IARRATASÓIRÍ A CHLEACHTANN GO PRÍOMHA IN ÁITEANNA SEACHAS ÉIRE ........ 4
**Na Critéir** ........ 5
DEIMHNIÚ IMRÉITIGH CÁNACH ........ 5
TUILLEADH MIONSONRAÍ FAOI NA CRITÉIR, MAR ATÁ LEAGTHA AMACH SNA CUSPÓIRÍ A SHONRAÍTEAR IN ALT 173(2) D'ACHT 2015 ........ 5
IONCAM ........ 7
DOICIMÉID RIACHTANACHA EILE ........ 7
ÁBHAR NA DTEISTIMÉIREACHTAÍ ........ 8
DEARBHÚ ........ 8
**Ról ÚRSD sa phróiseas iarratais** ........ 8
**An próiseas iarratais** ........ 9
**Canbhasáil** ........ 10
**An próiseas roghnúcháin** ........ 10
**Deonú Paitinne Tosaíochta ag an Rialtas** ........ 11
**Ceisteanna** ........ 11
CEISTEANNA GINEARÁLTA ........ 11
MÍCHUMAS ........ 11
CUID A, RANNÁN 8, DEN FHOIRM IARRATAIS ........ 11
IARRAIDH AR SCAOILEADH ........ 12
**Aiseolas ar an bpróiseas agus na doiciméid ghaolmhara** ........ 12
**Cosaint Sonraí** ........ 12
**Aguisín 1, Ráiteas Cosanta Sonraí** ........ 13
Réamhrá ........ 13
Mionsonraí teagmhála an rialaitheora sonraí ........ 13
Cén chríoch a ndéantar an phróiseáil ina leith? ........ 13
Cad atá sa bhunús dlí don phróiseáil? ........ 14
Cé na sonraí pearsanta a bpróiseálann an Coiste iad? ........ 14
Cé hiad na daoine nó na comhlachtaí a gheobhaidh na sonraí pearsanta a bpróiseálann an Coiste iad? ........ 15
Cá fhad a stórálfaidh an Coiste na sonraí pearsanta? ........ 15
Cé na cearta cosanta sonraí atá agat? ........ 15
Srianadh na n-oibleagáidí atá ar rialaitheoirí sonraí agus na gceart atá ag ábhair sonraí ........ 15
An ceart atá agat chun gearán a dhéanamh ........ 16
Athruithe ar an Ráiteas Cosanta Sonraí seo ........ 16

## Réamhrá

Baineann ríthábhacht leis an leas poiblí in ionracas an chórais dlí. Cuid bhunriachtanach de fhreastal ar an leas poiblí sin is ea dlí-chleachtóirí an-oilte an-tiomanta a bheith ann agus ar fáil. Marc sármhaitheasa sa ghairm dlí sa Stát is ea deonú Paitinne Tosaíochta. Sainaithnítear leis an bPaitinn na dlí-chleachtóirí sin a sholáthraíonn seirbhísí dlí den chéad scoth ar an raon is leithne comhairle saineolaí agus abhcóideachta agus go ndéanann siad amhlaidh i scríbhinn agus ó bhéal agus i ngach cineál cúirte agus fóraim i dtaca leis an dlí náisiúnta, an dlí Eorpach agus an dlí idirnáisiúnta. Is le deonú Paitinne Tosaíochta a ghabhann an t-ionchas ó chliaint, ó chomhghleacaithe, ó na breithiúna agus ón bpobal go soláthrófar comhairle dlí agus abhcóideacht den chéad scoth agus go gcomhlíonfar na caighdeáin eiticiúla is airde.

An 7 Deireadh Fómhair 2019, chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a lámh leis an ordú um thosach feidhme chun Cuid 12 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 ('*Acht 2015*'), a bhaineann le Paitinní Tosaíochta, a thosú.

Le halt 172 d'Acht 2015, ceanglaíodh ar an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí ('*an tÚdarás*' nó '*ÚRSD*') Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta ('*an Coiste*') a bhunú.

An 2 Aibreán 2020, bhunaigh an tÚdarás an Coiste faoi alt 172(1) d'Acht 2015. Tá an Coiste comhdhéanta díobh seo:

(a) An Príomh-Bhreitheamh (atá ar an gCathaoirleach ar an gCoiste)
(b) Uachtarán na Cúirte Achomhairc
(c) Uachtarán na hArd-Chúirte
(d) An tArd-Aighne
(e) Cathaoirleach Chomhairle an Bharra
(f) Uachtarán an Dlí-Chumainn agus
(g) An Dr Don Thornhill, Cathaoirleach an Údaráis, ar ainmnigh an tAire é.

Ag teacht sna sála ar bhunú an Choiste, tháinig an Coiste le chéile chun na critéir a bhunú, bunaithe ar na cuspóirí a leagtar amach in alt 173(2) d'Acht 2015, ar critéir iad atá le comhlíonadh ag dlí-chleachtóir chun go ndéanfadh an Coiste moladh don Rialtas go ndeonófaí Paitinn dó nó di. Mar thoradh ar na pléití sin, tairgeadh an fhoirm iarratais a mbaineann an treoirnóta seo léi, mar aon leis na critéir atá leagtha amach thíos.

Is mar atá leagtha amach sna cuspóirí a shonraítear in alt 173(2) d'Acht 2015 atá na critéir a ndéanfaidh an Coiste measúnú iarratas orthu. Is iad na cuspóirí dá dtagraítear in alt 173(2) a chinntiú, i ndáil le dlí-chleachtóir a bheidh ag iarraidh go ndeonófar Paitinn dó nó di:

*(a) gur léirigh sé nó sí, ina chleachtadh nó ina cleachtadh mar dhlí-chleachtóir—*
- *(i) méid inniúlachta agus méid ionracais is cuí maidir le Paitinn a dheonú dó nó di agus a bheidh i gcomhréir leis,*
- *(ii) neamhspleáchas gairmiúil, agus*
- *(iii) ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:*
  - *(I) cumas cruthaithe sármhaitheasa i gcleachtadh na habhcóideachta;*
  - *(II) cumas cruthaithe sármhaitheasa i gcleachtadh na dlíthíochta saineolaí; nó*
  - *(III) saineolas i réimse den dlí;*

(b) *go bhfuil sé nó sí oiriúnach ó thaobh carachtair agus meoin de;*

(c) *go bhfuil sé nó sí i seilbh deimhniú imréitigh cánach atá i bhfeidhm;*

(d) *go bhfuil sé nó sí oiriúnach thairis sin chun go ndeonófar Paitinn dó nó di.*

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na critéir sin leagtha amach níos déanaí sa treoirdhoiciméad seo.

Faoi réir na critéir sin a chomhlíonadh, féadfar moladh a dhéanamh don Rialtas go ndeonófar Paitinn Tosaíochta d'iarratasóir is cleachtóir aonair, d'iarratasóir atá fostaithe ag gnólacht aturnaetha, d'iarratasóir is comhalta den Leabharlann Dlí, d'iarratasóir is abhcóide cleachtach nach comhalta den Leabharlann Dlí, agus d'iarratasóir atá fostaithe san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach, sa ghairm léinn nó ar shlí eile.

## Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh?

### DLÍ-CHLEACHTÓIRÍ

Tá iarratais ar oscailt do dhlí-chleachtóirí, de réir an tsainmhínithe in Acht 2015, *i.e.*, abhcóide cleachtach nó aturnae cleachtach.

De réir an tsainmhínithe in Acht 2015, ciallaíonn 'aturnae cleachtach' *'duine a glacadh mar aturnae, a bhfuil a ainm nó a hainm ar rolla na n-aturnaetha, a sholáthraíonn seirbhísí dlí agus—*
- *(a) a gceanglaítear air nó uirthi, de bhíthin alt 56 den Acht Aturnaetha (Leasú), 1994, deimhniú cleachta a shealbhú, nó*
- *(b) atá, de bhíthin an ailt sin, díolmhaithe ón gceanglas deimhniú cleachta a shealbhú.'*

De réir an tsainmhínithe a thugtar in Acht 2015, ciallaíonn 'abhcóide cleachtach' *'duine—*
- *(a) is abhcóide cáilithe, agus*
- *(b) a sholáthraíonn, nó a thugann le tuiscint go soláthraíonn sé nó sí, seirbhísí dlí mar abhcóide—*
  - *(i) cibé acu ar tháille nó nach ea,*
  - *(ii) cibé acu faoi chonradh seirbhíse nó faoi chonradh le haghaidh seirbhísí nó nach ea, agus*
  - *(iii) cibé acu a dhéanann nó nach ndéanann sé nó sí, le linn dó nó di déanamh amhlaidh, "abhcóide" nó "abhcóide dlí" a thabhairt de thuairisc air féin nó uirthi féin, nó an teideal "abhcóide" nó "abhcóide dlí" a úsáid ar shlí eile.'*

De réir an tsainmhínithe a thugtar in Acht 2015, ciallaíonn 'abhcóide cáilithe' *'duine—*
- *(a) dár thug Cumann Onórach Óstaí an Rí céim Abhcóide Dlí nó a glaodh chun Barra na hÉireann, ach amháin i gcás, tar éis an chéim sin a thabhairt dó nó di nó é nó í a ghlaoch amhlaidh—*
  - *(i) gur glacadh é nó í mar aturnae,*
  - *(ii) go mbeidh Binseoirí Chumann Onórach Óstaí an Rí, roimh an dáta a thiocfaidh Cuid 6 i ngníomh, tar éis é nó í a dhíbharrú, más rud é go mbeidh éifeacht leis an díbharrú sin i gcónaí, nó*

*(iii) go mbeidh a ainm nó a hainm scriosta de rolla na n-abhcóidí cleachtacha nó de rolla na n-aturnaetha ag an Ard-Chúirt, agus go bhfuil éifeacht leis an ordú sin i gcónaí,*

*nó*

*(b) is dlíodóir cláraithe, ag a bhfuil an ceart céanna éisteachta atá ag abhcóide cleachtach nó ag aturnae atá cáilithe chun cleachtadh de bhua Rialachán 10 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dlíodóirí a Bhunú), 2003 (I.R. Uimh. 732 de 2003).'*

De bhun alt 133(1), tá oibleagáid ar ÚRSD rolla d'abhcóidí cleachtacha a bhunú agus a chothabháil. Ní mór d'aon duine a glaodh chun Barra na hÉireann agus a bheartaíonn seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide iarratas a dhéanamh chun a ainm nó a hainm, agus aon fhaisnéis bhreise a bhaineann leis nó léi, a thaifeadadh ar an rolla (de bhun alt 134 d'Acht 2015).

Má éiríonn leat deonú Paitinne Tosaíochta a fháil, eiseofar chugat í san ainm a thugtar ar d'fhoirm iarratais. Dá réir sin, déan cinnte de go mbeidh do shloinne agus do chéadainm(neacha) ag teacht le d'ainm gairmiúil.

### DLÍODÓIRÍ I SEIRBHÍS AN STÁIT

Cuireadh in iúl don Choiste, agus tá an Coiste den tuairim, go bhfuil dlíodóirí i seirbhís lánaimseartha an Stáit atá ag soláthar seirbhísí dlí agus a chomhlíonann na coinníollacha le haghaidh incháilitheachta faoin Acht ar shlí eile i dteideal iarratas a dhéanamh, i gcás gur cuí, lena lorgaítear moladh le haghaidh deonú Paitinne Tosaíochta.

Cuireadh in iúl don Choiste, agus tá an Coiste den tuairim, áfach, gurb amhlaidh, maidir le dlíodóirí a bhfuil poist oifige nó ghar-bhreithiúnacha acu, nach gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar aturnae cleachtach nó ar abhcóide cleachtach de réir bhrí an Achta agus, dá bhrí sin, nach bhfuil siad incháilithe le haghaidh deonú Paitinne Tosaíochta.

### IARRATASÓIRÍ A CHLEACHTANN GO PRÍOMHA IN ÁITEANNA SEACHAS ÉIRE

Dlíodóirí atá cáilithe in Éirinn agus ag cleachtadh i ndlínse eile, *is féidir* go mbeidh siad incháilithe le haghaidh deonú Paitinne Tosaíochta. Má tá dlí-chleachtóir Éireannach ag cleachtadh i bhfóram idirnáisiúnta nó i ndlínse eile de bhua a stádais mar dhlí-chleachtóir Éireannach, atá faoi réir rialú araíonachta ÚRSD chuige sin, is amhlaidh ansin a fhéadfaidh cleachtadh den sórt sin ceanglais incháilitheachta an Achta a chomhlíonadh agus, má chomhlíontar na critéir san Acht, féadfar iarratasóir den sórt sin a mholadh le haghaidh deonú Paitinne Tosaíochta.

I gcás go bhfuil iarratasóir cáilithe chun cleachtadh i ndlínse eile, go bhfuil sé nó sí i dteideal cleachtadh i ndlínse eile agus go ndéanann sé nó sí amhlaidh, agus gur dlí-chleachtóir é nó í freisin atá cáilithe chun cleachtadh in Éirinn, measúnóidh an Coiste an t-iarratas faoi threoir chleachtadh an iarratasóra in Éirinn go príomha. Má mheastar go bhfuil an t-iarratasóir in ann na critéir reachtúla a chomhlíonadh ar an mbonn sin, féadfaidh an Coiste cleachtadh an iarratasóra i ndlínse eile a chur san áireamh i ndáil le nithe amhail neamhspleáchas, ionracas agus meon. I gcás gur i ndlínse eile a bhí an chuid is mó de chleachtadh iarratasóra, bheifí ag súil leis de ghnáth go mbeadh seasamh ina ghairm nó ina gairm bainte amach sa dlínse sin ag an iarrthóir sin ar seasamh é a bheadh coibhéiseach nó cosúil leis an bpost mar Abhcóide Sinsearach in Éirinn.

## Na Critéir

### DEIMHNIÚ IMRÉITIGH CÁNACH

Ní mór do gach iarratasóir bheith i seilbh Deimhniú Imréitigh Cánach (a chiallaíonn deimhniú arna eisiúint faoi alt 1095 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) atá i bhfeidhm.

Ceanglaítear ar iarratasóirí cóip de Dheimhniú Imréitigh Cánach atá i bhfeidhm a chur isteach i dteannta an iarratais uathu, nó an Uimhir Thagartha Cánach agus an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach iomchuí a sholáthar i dteannta an iarratais uathu.

### TUILLEADH MIONSONRAÍ FAOI NA CRITÉIR, MAR ATÁ LEAGTHA AMACH SNA CUSPÓIRÍ A SHONRAÍTEAR IN ALT 173(2) D'ACHT 2015

Is iad seo na cáilíochtaí a theastaíonn de réir an chaighdeáin is airde sula moltar go ndeonófar Paitinn Tosaíochta:

- **Taithí Ghairmiúil, eolas dlí agus ionracas[1]:**
    - Ní mór d'iarratasóirí cuid mhaith taithí gairmiúla agus léargais a gnóthaíodh thar thréimhse shuntasach a bheith acu. Ní mór d'iarratasóirí saineolas dlí atá cothrom le dáta a bheith acu. Ní mór d'iarratasóirí iompar go hionraic i gcónaí.

- **Neamhspleáchas Gairmiúil[2]:**
    - Ní mór d'iarratasóirí neamhspleáchas aigne agus misneach morálta a bheith acu. Ní mór dóibh bheith toilteanach le hargóint nach bhfuil tóir uirthi a chur ar aghaidh agus bheith tiomanta dá ndualgas don chúirt, go háirithe i gcás gur féidir go dtiocfaidh an dualgas sin salach ar leasanna a gcliaint.

- **Ionracas, macántacht agus seasamh gairmiúil[3]:**
    - Ba cheart d'iarratasóirí bheith macánta agus iontaofa agus ba cheart dóibh breithiúnas aibí a bheith acu, mar aon leis an gcumas chun breitheanna oibiachtúla fónta a thabhairt in imthosca deacra. Ba cheart meas a bheith ar iarratasóirí i measc a gcomhghleacaithe as an méid a chomhlíonann siad na caighdeáin eiticiúla is airde. Ba cheart d'iarratasóirí caidreamh oibre táirgiúil a chruthú agus a chothabháil le cliaint, le comhghleacaithe agus leis na breithiúna.

      Áirítear iad seo leis na nithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don oiriúnacht do mholadh: ciontuithe coiriúla roimhe, cinntí go ndearnadh mí-iompar gairmiúil, féimheacht agus aon fhaisnéis eile a dhéanann difear, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, don oiriúnacht do cheapachán. Is bunriachtanas é nach bhfuil aon ní

---

[1] Is é an cuspóir (in alt 173(2)(a)(i) d'Acht 2015) gur léirigh dlí-chleachtóir, ina chleachtadh nó ina cleachtadh, *'méid inniúlachta agus méid ionracais is cuí maidir le Paitinn a dheonú dó nó di agus a bheidh i gcomhréir leis'*.
[2] Is é an cuspóir (in alt 173(2)(a)(ii) d'Acht 2015) gur léirigh dlí-chleachtóir, ina chleachtadh nó ina cleachtadh, *'neamhspleáchas gairmiúil'*.
[3] Is é an cuspóir (in alt 173(2)(b) d'Acht 2015) gur léirigh dlí-chleachtóir, ina chleachtadh nó ina cleachtadh, *'go bhfuil sé nó sí oiriúnach ó thaobh carachtair agus meoin de'*.

in iompar nó gnóthaí an iarratasóra a d'fhágfadh go mbeadh sé míchuí é nó í a cheapadh.

Ag teacht ar thuairim fhoriomlán ar iarratas dó, is féidir go dtabharfaidh an Coiste aird ar chumas <u>i gceann amháin nó níos mó</u> de na critéir thíos a bheith á thaispeáint ag an iarratasóir:

- **Sármhaitheas i gcleachtadh na habhcóideachta[4]:**
    - Ní mór d'iarratasóirí sárscileanna abhcóideachta a léiriú. Ba cheart a thaispeáint i scileanna abhcóideachta i scríbhinn agus ó bhéal go bhfuil an cumas acu ábhar casta a thuiscint go tapa, an t-ábhar a anailísiú go cuimsitheach, an cur chuige is fearr a shainaithint go géarchúiseach, an cur chuige sin a chur in iúl go háititheach, agus freagra oiriúnach a thabhairt ar aon fhrithargóintí nó aon cheisteanna.

- **Sármhaitheas i gcleachtadh na dlíthíochta saineolaí[5]:**
    - Ní mór d'iarratasóirí bheith i bpost ceannaireachta i gcleachtadh na dlíthíochta saineolaí agus ní mór dóibh eolas uathúil ar dhlíthíocht shaineolach a thaispeáint.

- **Saineolas i réimse den dlí[6]:**
    - Ní mór d'iarratasóirí saineolas nó eolas uathúil i réimse den dlí a thaispeáint agus taithí shuntasach a bheith acu ar chomhairle a thabhairt i réimse saineolach den dlí.
    - Táthar ag súil leis gurb amhlaidh, maidir le duine a chomhlíonfaidh na critéir chuige sin, nach é amháin go mbeidh sé nó sí in ann a thaispeáint go bhfuil taithí aige nó aici ar chleachtadh i sainréimse thar thréimhse shuntasach ach gur cheart dó nó di a bheith ina cheannaire aitheanta nó ina ceannaire aitheanta de chuid na gairme sa réimse sin freisin.

Foráiltear in alt 173(2)(d) d'Acht 2015 gurb amhlaidh, i ndáil le dlí-chleachtóir a bheidh ag iarraidh go ndeonófar Paitinn dó nó di, go bhfuil sé nó sí 'oiriúnach thairis sin' chun go ndeonófar Paitinn dó nó di. Féadfaidh iarratasóirí aon fhaisnéis bhreise a thabhairt don Choiste, de réir na foirme iarratais, chun é sin a thaispeáint. Áirítear iad seo le liosta neamh-uileghabhálach de na nithe a fhéadfaidh an Coiste a bhreithniú chun iarratasóir a mheas a bheith 'oiriúnach thairis sin':

- Ceannaireacht maidir le caighdeáin a shocrú agus a chothabháil sa ghairm dlí ar mhaithe le riaradh an cheartais.
- Rannchuidiú suntasach le sochaí na hÉireann mar dhlí-chleachtóir.
- Rannchuidiú suntasach le gairm dlí na hÉireann.
- Tiomantas do rochtain ar an gceartas a fheabhsú.

---

[4] Is é an cuspóir (in alt 173(2)(a)(iii)(I) d'Acht 2015) gur léirigh dlí-chleachtóir, ina chleachtadh nó ina cleachtadh, *'cumas cruthaithe sármhaitheasa i gcleachtadh na habhcóideachta'*.

[5] Is é an cuspóir (in alt 173(2)(a)(iii)(II) d'Acht 2015) gur léirigh dlí-chleachtóir, ina chleachtadh nó ina cleachtadh, *'cumas cruthaithe sármhaitheasa i gcleachtadh na dlíthíochta saineolaí'*.

[6] Is é an cuspóir (in alt 173(2)(a)(iii)(III) d'Acht 2015) gur léirigh dlí-chleachtóir, ina chleachtadh nó ina cleachtadh, *'saineolas i réimse den dlí'*.

- Fianaise ar chleachtadh ar ardleibhéal i ndlínse eile nó i bhfóram idirnáisiúnta, má tá an t-iarratasóir ag cleachtadh thar lear.

Déanfar measúnú ar gach iarratas in aghaidh na gcritéar thuas. Chun iarratasóir a mholadh le haghaidh deonú Paitinne Tosaíochta, ní mór don Choiste a bheith deimhin de go bhfuil **fianaise an-láidir ann ar shármhaitheas** i dtaca leis na critéir.

Ní mór d'iarratasóir a thaispeáint conas a chomhlíonann sé nó sí na critéir thuas ach tagairt a dhéanamh do shampla nó do shamplaí.

## IONCAM

Lorgaíonn an Coiste mionsonraí faoi ioncam an iarratasóra sna ceithre bliana a bhí díreach roimh an iarratas. Measann an Coiste gur féidir leis an bhfaisnéis sin léargas úsáideach a thabhairt ar mhéid chleachtadh an iarratasóra agus ar an dóigh a meastar nó a mbraitear an t-iarratasóir sa mhórmhargadh dlí. Beidh sé sin amhlaidh go háirithe i gcás iarratasóirí atá i gcleachtadh príobháideach, áit ar féidir le leibhéil ioncaim a bheith ina bpointe tagartha úsáideach maidir le dearbhuithe i ndáil le leithead agus méid chleachtadh an iarratasóra agus maidir le seasamh gairmiúil an iarratasóra. Is féidir treocht ghinearálta a léiriú i bhfaisnéis thar thréimhse ceithre bliana, nó is féidir a thabhairt le fios inti nach bliain ionadaíoch í bliain aonair. Ní ann, áfach, d'aon tairseach íosta nach mbreithneofar iarratas faoina bun nó ar faoina bun nach mbeifear in ann an moladh go ndeonófaí Paitinn Tosaíochta a fháil. Mar an gcéanna, ní leor ioncam mór suntasach ann féin chun na critéir reachtúla a chomhlíonadh. Féadfaidh iarratasóirí tuilleadh faisnéise a thabhairt chuige sin, más cuí leo. Dá bhrí sin, más ioncam measartha íseal é ioncam iarratasóra mar gheall ar shaincheisteanna amhail an tsláinte, nó éilimh i saol pearsanta an iarratasóra, nó athrú i réimse cleachtaidh, nó an fíoras gur cleachtadh *pro bono* atá i sciar suntasach de chleachtadh an iarratasóra, féadfaidh iarratasóirí an méid sin a leagan amach. Tarraingítear aird na n-iarratasóirí ar ráiteas cosanta sonraí an Choiste, atá ceangailte leis seo.

## DOICIMÉID RIACHTANACHA EILE

Foráiltear le halt 174(2) freisin go *'[m]beidh cibé faisnéis agus cibé táille a fhorordófar ag gabháil le hiarratas faoi fho-alt (1)'*.

De bhreis ar na nithe atá leagtha amach san fhoirm iarratais, ceanglaíonn an Coiste ar gach iarratasóir na doiciméid seo a leanas a sholáthar i dteannta an iarratais uathu:

(i) Dhá theistiméireacht ar a mhéad, a bhfuil ceann amháin díobh le soláthar ó bhreitheamh reatha nó iarbhreitheamh agus a bhfuil ceann amháin díobh le soláthar ó dhlí-chleachtóir. Níor cheart na teistiméireachtaí sin a bheith níos faide ná dhá leathanach A4 ar fad agus ní mór iad a bheith dátaithe laistigh de thrí mhí ó dháta an iarratais. Ní mór do na teistiméirí na teistiméireachtaí a sheoladh go díreach chuig patents@lsra.ie, agus iad faoi chúram Rúnaí an Choiste.

(ii) Deimhniú imréitigh cánach atá i bhfeidhm, mar atá leagtha amach thuas. Ní mór é a sholáthar i gcóip bhog i dteannta na Foirme Iarratais. De rogha air sin, féadfaidh iarratasóirí Uimhir Thagartha Cánach bhailí móide Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach a sholáthar i dteannta an iarratais uathu.

### ÁBHAR NA DTEISTIMÉIREACHTAÍ

Ní mór do theistiméirí bheith oibiachtúil ina dteistiméireachtaí agus, chuige sin, moltar d'iarratasóirí gan a bheith ag brath ar theistiméirí inmheánacha/ar theistiméirí is fostóirí. Admhaíonn an Coiste gur féidir nach mbeidh sé sin indéanta i ngach cás agus gur féidir go mbeidh teistiméir den chineál sin ar an teistiméir is ábhartha. Moltar do na hiarratasóirí teistiméirí neamhspleácha a bhfuil seasamh ard acu agus atá eolach ar obair ábhartha an iarratasóra a ainmniú.

Bíonn an Coiste ag brath ar ábharthacht agus seasamh na dteistiméirí agus na dteistiméireachtaí gaolmhara arna dtabhairt. Ba cheart d'iarratasóirí aird a thabhairt ar an bhfíric gur próiseas Éireannach é Paitinn a dhámhachtain agus gur toisc thábhachtach í tuiscint an teistiméara ar chóras dlí na hÉireann. Tuigeann an Coiste, áfach, go bhféadfadh go mbeadh teistiméirí seachtracha (*e.g.*, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh) ina dteistiméirí cuí i gcás iarratasóirí áirithe.

Is gné an-tábhachtach den phróiseas iad teistiméireachtaí. Chuige sin, is príomhbhreithniúcháin don Choiste iad teistiméireachtaí atá ábhartha don iarratasóir agus dá (h)iarratas, ar foinsí neamhspleácha faisnéise iad a thacaíonn leis an iarratasóir, agus ina leagtar béim ar obair an iarratasóra sa dlínse seo.

Leagann an Coiste spleáchas ar leith ar theistiméireachtaí ar féidir leo aghaidh a thabhairt ar na critéir reachtúla arb é atá iontu sármhaitheas san abhcóideacht, sármhaitheas sa dlíthíocht shaineolach nó saineolas i réimse den dlí.

I gcás go mbraitear ar abhcóideacht nó ar shaineolas agus ar dhlíthíocht shaineolach, leagfaidh an Coiste tábhacht ar leith ar theistiméireachtaí ó bhreitheamh ar chleacht an t-iarratasóir os a chomhair nó os a comhair go tráthrialta agus/nó ó dhlíodóirí níos sinsearaí a ghníomhaigh leis an iarratasóir nó ar an taobh eile de dhlíthíocht.

I gcás iarratasóir atá ag dearbhú saineolas i réimse den dlí, beidh fonn ar an gCoiste tábhacht ar leith a leagan ar theistiméireachtaí ó dhaoine a bhfuil saineolas agus seasamh ar leith acu sa réimse sin.

Níl aon táille i bhfeidhm le haghaidh iarratais do phróiseas na bliana 2024.

### DEARBHÚ

Ní mór d'iarratasóirí an dearbhú san fhoirm iarratais a chomhlánú agus a shíniú. I gcás go bhfuil an t-iarratas á sholáthar i bhformáid leictreonach, arb é an modh is fearr linn é, iarrtar ar iarratasóirí cóip shínithe scanta den leathanach ar a bhfuil an dearbhú a sholáthar.

## Ról ÚRSD sa phróiseas iarratais

Tabharfaidh Coiste Feidhmiúcháin ÚRSD don Choiste an cúnamh riaracháin agus lóistíochta is réasúnach, faoi mar atá cuí ar aon dul lena fheidhmeanna faoin Acht, aon chúnamh riaracháin, cléireachais agus eile a theastaíonn le réasún chun cur ar chumas an Choiste a fheidhm a chomhlíonadh maidir le hiarratais a bhreithniú agus, faoi réir na critéir a chomhlíonadh, iarratasóir a mholadh don Rialtas le haghaidh deonú Paitinne Tosaíochta dó nó

di nó, i gcás nach gcomhlíontar na critéir, fógra i scríbhinn a thabhairt don iarratasóir faoina bhreith agus faoi na cúiseanna léi.

## An próiseas iarratais

Agus an fhoirm iarratais á comhlánú acu, táthar ag súil leis go gcloífidh iarratasóirí leis na ceanglais atá leagtha amach san fhoirm maidir le huasteorainneacha focal agus leis na huasteorainneacha leis an líon samplaí atá le tabhairt mar thaca leis an iarratas uathu. I gcás go mbeidh níos mó ábhair ná mar a éilíodh tugtha ag iarratasóir, is féidir go dtabharfaidh an Coiste neamhaird ar an ábhar sin.

Agus iarratas á bhreithniú aige, cuirfidh an Coiste san áireamh cumas an iarratasóra chun an t-iarratas uaidh/uaithi a chur i láthair ar bhealach gonta, dírithe, ábhartha agus soiléir.

Is é 5.00pm Dé hAoine an 15 Márta 2024 an spriocdháta le haghaidh iarratais chomhlánaithe a fháil.

Ní bhreithneoidh an Coiste a gheofar tar éis an ama sin, seachas in imthosca eisceachtúla. Is féidir go ndiúltófar d'iarratais neamhiomlána agus go seolfar ar ais iad.

**Agus aird ar leith á tabhairt ar an ngá le doiciméid a bhainistiú agus le hiad a scaipeadh ar an gCoiste, ba cheart iarratais a chur isteach i bhformáid leictreonach.**

Chun go mbreithneofar dlí-chleachtóir le haghaidh moladh le haghaidh deonú Paitinne, ní mór don Choiste na nithe seo a leanas a fháil:

a. Foirm iarratais chomhlánaithe, lena n-áirítear dearbhú sínithe dátaithe;

b. Deimhniú Imréitigh Cánach nó Uimhir Thagartha Cánach móide Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (nó a c(h)omhionann má tá sé nó sí lasmuigh den Stát) atá i bhfeidhm;

c. Dhá theistiméireacht ar a mhéad, a bhfuil ceann amháin díobh le soláthar ó bhreitheamh reatha nó iarbhreitheamh agus a bhfuil ceann amháin díobh le soláthar ó dhlí-chleachtóir (ní mór do na teistiméirí aonair na teistiméireachtaí a sheoladh go díreach chuig patents@lsra.ie, agus iad faoi chúram Rúnaí an Choiste) agus

d. Naisc chuig aon ailt nó aon fhoilseacháin a bhfuiltear ag brath orthu mar chuid d'iarratas, nó leaganacha pdf díobh.

trí ríomhphost chuig patents@lsra.ie

**Tábhachtach:**

**Iarrtar ar iarratasóirí gan na hiarratais uathu a chur isteach ach amháin i bhformáid leictreonach. Moltar d'iarratasóirí teagmháil a dhéanamh le ÚRSD ag patents@lsra.ie sula gcuireann siad iarratas isteach. Cuirfidh sé sin ar chumas ÚRSD cabhrú le hiarratasóirí a chinntiú go bhfaighfear an t-iarratas uathu (tabhair faoi deara gur féidir, i gcás comhaid mhóra, go bpreabfar na ríomhphoist ó iarratasóirí ar ais chucu má bhíonn**

**na ceangaltáin rómhór). Chuige sin, is féidir go ndéanfaidh ÚRSD socruithe chun uaslódáil na n-iarratas chuig tairseach shlán a éascú.**

A luaithe is féidir tar éis an t-iarratas a fháil, admhóidh ÚRSD go bhfuarthas é. Tabhair faoi deara nach ionann an admháil sin agus deimhniú go measann ÚRSD gur iarratas iomlán é.

Breithneoidh an Coiste na hiarratais arna bhfáil de réir na gcritéar atá leagtha amach thuas.

## Canbhasáil

Dícháileofar iarratasóir de bharr canbhasáil.

Measann an Coiste nach bhfuil sé cuí d'iarratasóir teagmháil a bheith aige nó aici le comhalta nó comhaltaí den Choiste maidir leis an iarratas uaidh nó uaithi tar éis an t-iarratas a chur isteach.

## An próiseas roghnúcháin

**I gcás go bhfaigheann an Coiste iarratas, scrúdóidh sé é ar dtús chun a fháil amach an t-iarratas iomlán é nó nach ea.**

**Is féidir go ndiúltófar d'iarratais neamhiomlána agus go seolfar ar ais iad.**

I gcás go bhfaigheann an Coiste iarratas comhlánaithe, déanfaidh sé breithniú i dtaobh an gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir atá leagtha amach thuas. De réir alt 174(3) d'Acht 2015, féadfaidh comhalta nó comhaltaí den Choiste dul i gcomhairle, faoi rún, le cibé daoine is dóigh leis nó leo is cuí chun cabhrú leis an gCoiste a chinneadh an gcomhlíonann iarratasóir na critéir a bunaíodh faoi alt 173 d'Acht 2015.

Breithnítear na hiarratais uile ina n-aonar in aghaidh na gcritéar bunaithe.

Tá an Coiste tiomanta do chomhionannas deise sa phróiseas seo.

Tá an Coiste den tuairim gurb amhlaidh, sa chuid is mó de chásanna, ba cheart gur san fhaisnéis atá leagtha amach san fhoirm, in ábhar na dteistiméireachtaí a thagann sna sála ar an treoir seo agus i gcumas an Choiste chun fiosruithe a dhéanamh a bheidh faisnéis leordhóthanach chun cur ar chumas an Choiste an cinneadh uaidh a dhéanamh. I gcásanna eisceachtúla, áfach, is féidir go bhféachfaidh an Coiste le hiarratasóir a chur faoi agallamh i gcás gurb é sin an modh is cuí le haghaidh tuilleadh fianaise a fháil maidir leis na critéir bhunaithe nó chun cabhrú leis an gCoiste a fheidhm a chomhlíonadh.

Beidh na himeachtaí go léir den Choiste agus gach cumarsáid ón gCoiste agus chuig an gCoiste, lena n-áirítear comhchomhairliúcháin ag an gCoiste faoi alt 174(3), faoi rún agus ní dhéanfar an céanna a nochtadh ach amháin chun críocha an Achta (de bhun alt 172(9) d'Acht 2015).

I gcás go dtugann an Coiste breith go gcomhlíonann an dlí-chleachtóir na critéir, molfaidh sé don Rialtas go ndeonófar Paitinn don iarratasóir. Féadfar an fhaisnéis a thugann tú isteach mar chuid den phróiseas iarratais a sholáthar don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus do Roinn an Taoisigh. De bhun alt 171 d'Acht 2015, féadfaidh an Rialtas, ar mholadh an Choiste faoi alt 174, Paitinn a dheonú do dhlí-chleachtóir.

I gcás go dtugann an Coiste breith nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir faoina bhreith agus faoi na cúiseanna atá léi. Maidir le hiarratasóirí nach n-éiríonn leo, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh a oiread uaireanta ina dhiaidh sin agus is mian leo. Breithneofar oiriúnacht an iarratasóra as an nua gach uair.

Déanfar na hiarratais uile agus an fhaisnéis a ghabhann leo a fhoilsiú ar aon dul leis an Ráiteas Cosanta Sonraí in Aguisín 1.

## Deonú Paitinne Tosaíochta ag an Rialtas

Maidir le hiarratasóirí a bhfuil Paitinn Tosaíochta le deonú dóibh, socróidh an Príomh-Bhreitheamh dáta le haghaidh searmanas ina mbronnfar Paitinní agus searmanas breise do na habhcóidí sin atá glaoite chun Barra na Sinsear. Táthar ag súil leis go gcuirfear an searmanas sin ar siúl sa chéad seachtain de mhí Dheireadh Fómhair 2024.

## Ceisteanna

### Ceisteanna Ginearálta

I gcás aon cheisteanna faoin bhfoirm iarratais nó faoin bpróiseas, déan teagmháil le Coiste Feidhmiúcháin ÚRSD, ina ról mar rúnaíocht don Choiste, ag patents@lsra.ie

### MÍCHUMAS

Tá an Coiste tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí faoi mhíchumas. Más rud é go bhfuil riachtanais ar leith agat agus gur mian leat go ndéanfadh an Coiste aon socruithe réasúnta duit (mar shampla, suíochánra nó rochtain i gcás agallaimh), seol ríomhphost chuig patents@lsra.ie, agus aon socruithe réasúnta a theastaíonn uait á leagan amach agat ann.

### Cuid A, Rannán 8, den fhoirm iarratais

Ní mór d'Abhcóidí Sinsearacha iompar go hionraic i gcónaí ar mhaithe le muinín an phobail a chothabháil. Moltar duit aon ní a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do d'oiriúnacht do dheonú Paitinne Tosaíochta a nochtadh.

Ba cheart aon imeachtaí nó gach imeacht in aghaidh iarratasóra agus aon imeachtaí nó gach imeacht inar fhulaing iarratasóir ordú costas curtha amú nó orduithe ina aghaidh nó ina haghaidh agus/nó ar tionscnaíodh imeachtaí dá bharr nó dá mbarr a chur in iúl; ba cheart pléadálacha agus an toradh ar na himeachtaí iartheachtacha sin, más ann, a chur in iúl; mar an gcéanna, ba cheart aon ghearán le comhlacht gairmiúil agus an toradh air a chur in iúl; ba cheart aon saincheisteanna a ardaíodh maidir le comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí a chur in iúl; agus ba cheart aon nithe eile ar cheart aird an Choiste a tharraingt orthu a chur in iúl.

Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go dtugtar dóthain mionsonraí i dtaca le nithe nach mór don iarratasóir a lua sa rannán seo. Mura leagtar nithe ábhartha amach go soiléir, tiocfaidh an Coiste ar thuairim chuí ar an iarratas. Tabharfaidh an Coiste an-aird ar aon nithe nach bpléitear.

Chuige sin, tarraingítear aird na n-iarratasóirí ar alt 175, agus ar alt 175(6) go háirithe, den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, rud lena ndéileáiltear le deonú Paitinne a chúlghairm.

Má bhíonn aon cheisteanna agat faoi Chuid A, Rannán 8, a bhaineann leis an gcuspóir um charachtar agus meon, seol ríomhphost chuig patents@lsra.ie, a tharraingeoidh aird an Choiste ar aon cheisteanna nó ar aon iarrataí ar shoiléiriú.

### IARRAIDH AR SCAOILEADH

Má mheasann tú gur cheart comhalta den Choiste a scaoileadh ón iarratas uait a bhreithniú agus/nó ó agallamh a chur ort (i gcás go dtarlaíonn sé sin), ba cheart duit an méid sin a chur in iúl do ÚRSD ach ríomhphost a sheoladh chuig patents@lsra.ie. Ba cheart na cúiseanna leis an scaoileadh a leagan amach sa ríomhphost uait. Déanfaidh an Coiste breithniú cúramach ar an bhfaisnéis agus tabharfaidh sé fógra duit faoin toradh ar an iarraidh uait.

## Aiseolas ar an bpróiseas agus na doiciméid ghaolmhara

Cuirfear fáilte roimh aon aiseolas is mian leat a thabhairt i dtaca leis an bhfoirm iarratais, leis an treoir seo agus leis an bpróiseas é féin agus déanfar breithniú cúramach air. Ba cheart aon aiseolas a sheoladh trí ríomhphost chuig patents@lsra.ie agus tabharfar don Choiste é gan ainm a chur leis.

## Cosaint Sonraí

Is rialaitheoir sonraí é an Coiste de réir bhrí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ('*an Rialachán Ginearálta*'). Is leis an Ráiteas Cosanta Sonraí in Aguisín 1 a ghabhann leis an treoir seo a chomhlíontar an oibleagáid in Airteagail 13 agus 14 den Rialachán Ginearálta (*i.e.*, an fhaisnéis a bheidh le soláthar i gcás go mbailítear sonraí pearsanta ón ábhar sonraí agus an fhaisnéis a bheidh le soláthar i gcás nár bailíodh sonraí pearsanta ón ábhar sonraí). Féach Aguisín 1 chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoin dóigh a bpróiseáiltear do shonraí pearsanta.

Is próiseálaí sonraí é ÚRSD de réir bhrí an Rialacháin Ghinearálta agus tá comhaontú próiseála sonraí i bhfeidhm.

**An Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta**

## Aguisín 1, Ráiteas Cosanta Sonraí

### Réamhrá

Baineann an Ráiteas Cosanta Sonraí seo le próiseáil sonraí pearsanta ag an gCoiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta ('*an Coiste*') ar bhunaigh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí ('*ÚRSD*') é de bhun alt 172(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 ('*Acht 2015*'), an 2 Aibreán 2020. Tugtar faisnéis sa Ráiteas Cosanta Sonraí faoi na dóigheanna a ndéanann an Coiste bailiú, stóráil agus úsáid ar shonraí pearsanta a bhaineann le daoine aonair ('*ábhair sonraí*').

Is é an Coiste an 'rialaitheoir sonraí' maidir leis an bpróiseáil sonraí pearsanta ar a ndéantar cur síos sa Ráiteas Cosanta Sonraí seo.

Soláthraítear an Ráiteas Cosanta Sonraí de réir Airteagail 13 agus 14 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('*an Rialachán Ginearálta*') agus baineann sé le sonraí pearsanta a bhfaigheann an Coiste iad i gcás go soláthraítear sonraí pearsanta chuig an gCoiste go díreach (e.g., i gcás go ndéanann ábhair sonraí teagmháil leis an gCoiste go díreach) agus i gcás go bhfaigheann an Coiste sonraí pearsanta go hindíreach agus nach bhfuarthas iad ón ábhar sonraí.

### Mionsonraí teagmhála an rialaitheora sonraí

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gCoiste ar na bealaí seo a leanas:

- Trí ríomhphost chuig patents@lsra.ie;
- Tríd an ngnáthphost chuig: An Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta, f/ch Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí, Bosca O.P. 12906, Baile Átha Cliath 7.

### Cén chríoch a ndéantar an phróiseáil ina leith?

Féadfar sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

a) Chun cur ar chumas an Choiste na feidhmeanna a shanntar dó faoi Chuid 12 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 ('an tAcht'), a chomhlíonadh. Áirítear leis na feidhmeanna sin:
   - (i) Breithniú a dhéanamh ar iarratais ó dhlí-chleachtóirí chun breith a thabhairt i dtaobh an gcomhlíonann sé nó sí na critéir arna mbunú faoi alt 173;
   - (ii) Chun críocha (i), dul i gcomhairle, faoi rún, le cibé daoine is dóigh leis is cuí;
   - (iii) A mholadh don Rialtas go ndeonófar Paitinn Tosaíochta ('Paitinn') d'iarratasóir i gcás go dtugann sé breith go gcomhlíonann iarratasóir na critéir;
   - (iv) Fógra a thabhairt i scríbhinn d'iarratasóir faoina bhreith nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir;
   - (v) Breithniú a dhéanamh ar iarratais i dtaobh ar chóir an deonú Paitinne do dhlí-chleachtóir a chúlghairm;
   - (vi) A mholadh don Rialtas go gcúlghairfear Paitinn.

b) Chun aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna a ardaíodh i dtaca le hiarratas ar mholadh don Rialtas go ndeonófar Paitinn Tosaíochta agus/nó i dtaca le feidhmeanna an Choiste;

c) Chun anailís staitistiúil a dhéanamh ar na hiarratais arna bhfáil agus ar an toradh ar an bpróiseas iarratais;

d) Chun an próiseas iarratais agus aon chúraimí gaolmhara a bhainistiú, a phleanáil agus a riar.

Cad atá sa bhunús dlí don phróiseáil?

Tá an bunús dlí don phróiseáil faoin Rialachán Ginearálta mar a leanas:

a) Airteagal 6(1)(c) den Rialachán Ginearálta - 'is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh' agus/nó

b) Airteagal 6(1)(e) den Rialachán Ginearálta - 'is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir' agus/nó

c) Alt 38(1)(a) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 – beidh próiseáil na sonraí pearsanta dlíthiúil a mhéid go bhfuil an phróiseáil sin 'riachtanach agus comhréireach le haghaidh (a) comhlíonadh a dhéanamh ar fheidhm de chuid rialaitheora a thugtar le hachtú nó faoi achtú'.

Ní iarrtar go sainráite san fhoirm iarratais aon chatagóirí speisialta sonraí pearsanta. I gcás go dtugann iarratasóir catagóir speisialta sonraí pearsanta agus/nó go bpróiseálann an Coiste catagóir speisialta sonraí pearsanta, tá an bunús dlí don phróiseáil sin faoin Rialachán Ginearálta mar a leanas:

a) Airteagal 9(2)(g) den Rialachán Ginearálta – 'is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail, ar bhonn dhlí an Aontais nó dlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú' agus/nó

b) Airteagal 9(2)(a) den Rialachán Ginearálta – thug an t-ábhar sonraí toiliú sainráite go ndéanfaí na sonraí pearsanta sin a phróiseáil ar mhaithe le críoch shonraithe amháin nó níos mó. I gcás go bpróiseáiltear sonraí pearsanta ar an mbonn sin, beidh an ceart ag ábhar sonraí toiliú a tharraingt siar am ar bith, gan difear á dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú roimh a tharraingt siar.

Cé na sonraí pearsanta a bpróiseálann an Coiste iad?

Áirítear leis na sonraí pearsanta a bpróiseálann an Coiste iad:

- Sonraí pearsanta a soláthraíonn iarratasóirí iad i bhfoirmeacha iarratais agus in aon fhaisnéis a ghabhann leo. Faoi mar atá le feiceáil san fhoirm iarratais, is féidir go n-áireofar na nithe seo a leanas leis na sonraí sin, ach gan a bheith teoranta dóibh: d'ainm, do shonraí teagmhála, do dháta breithe, do cháilíochtaí, do mhionsonraí gairmiúla, do stair ghairme, faisnéis a bhaineann le cionta, agus faisnéis eile ar mian leat go gcuirfidh an Coiste í san áireamh.

- Sonraí pearsanta atá le fáil in aon chumarsáidí leis an gCoiste;

- Sonraí pearsanta a eascraíonn as aon chomhchomhairliúcháin a d'fhéadfadh teacht chun cinn, faoi rún, le cibé daoine is dóigh leis an gCoiste is cuí, de bhun alt 174(3) den Acht.

## Cé hiad na daoine nó na comhlachtaí a gheobhaidh na sonraí pearsanta a bpróiseálann an Coiste iad?

Is iad seo na daoine nó na comhlachtaí a gheobhaidh do shonraí pearsanta:

- An Coiste;
- Coiste Feidhmiúcháin ÚRSD, a sholáthraíonn don Choiste an cúnamh riaracháin agus lóistíochta is réasúnach, faoi mar atá cuí ar aon dul lena fheidhmeanna faoin Acht;
- Aon daoine eile is dóigh leis an gCoiste is cuí, de bhun alt 174(3) den Acht;
- An Rialtas, i gcás go ndéanann an Coiste moladh go ndeonófar Paitinn d'iarratasóir.

## Cá fhad a stórálfaidh an Coiste na sonraí pearsanta?

Is bunaithe ar an gcríoch a bhfuil na sonraí pearsanta á bpróiseáil ina leith atá na critéir a úsáidtear chun an tréimhse a stórálfaidh an Coiste na sonraí pearsanta ar a feadh a chinneadh. Cuirfear roinnt tosca san áireamh sna tréimhsí ama sin, lena n-áirítear ceanglais dhlíthiúla agus eile chun faisnéis a choinneáil ar feadh tréimhsí sonraithe.

## Cé na cearta cosanta sonraí atá agat?

Faoi réir srianta áirithe atá leagtha amach thíos, féadfaidh tú na cearta seo a leanas a fheidhmiú i dtaca le sonraí pearsanta a bpróiseálann an Coiste iad:

- An ceart chun rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta;
- An ceart go ndéanfaí ceartúcháin ar do shonraí pearsanta;
- An ceart go ndéanfaí léirscriosadh ar do shonraí pearsanta;
- An ceart chun iniomparthacht sonraí;
- An ceart go ndéanfaí agóid i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta;
- An ceart chun srian a chur le próiseáil do shonraí pearsanta.

## Srianadh na n-oibleagáidí atá ar rialaitheoirí sonraí agus na gceart atá ag ábhair sonraí

Faoi Airteagal 23 den Rialachán Ginearálta agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, féadfar na cearta atá ag ábhair sonraí a shrianadh in imthosca áirithe. Foráiltear le halt 60 d'Acht 2018 do shrianta ar na hoibleagáidí atá ar rialaitheoirí agus ar na cearta atá ag ábhair sonraí le haghaidh cuspóirí tábhachtacha atá le leas ginearálta an phobail. Baineann ceann amháin de na srianta, a leagtar amach in alt 60(3)(b), le sonraí pearsanta a bhaineann le hábhar sonraí agus atá comhdhéanta de thuairim ar an ábhar sonraí a léirigh duine eile faoi rún nó ar an tuiscint go gcaithfí léi mar thuairim faoi rún do dhuine a bhfuil leas dlisteanach aige nó aici san fhaisnéis a fháil. I gcás go bhfuil feidhm ag alt 60(3)(b), sriantar na cearta atá ag ábhair sonraí agus na hoibleagáidí atá ar an gCoiste, mar rialaitheoir sonraí, dá bhforáiltear in Airteagail 12 go 22 agus in Airteagail 34 agus 5 den Rialachán Ginearálta (a mhéid a chomhfhreagraíonn ceann ar bith dá fhorálacha do na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 12 go 22).

Mar shampla, ní bheidh feidhm ag an gceart rochtana faoi Airteagal 15 den Rialachán Ginearálta maidir le cásanna ina bhfuil do shonraí pearsanta comhdhéanta de thuairim ort a

léirigh duine eile faoi rún nó ar an tuiscint go gcaithfí léi mar thuairim faoi rún. Ar iarraidh a fháil ó ábhar sonraí atá ag iarraidh a chearta nó a cearta a fheidhmiú, déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar na sonraí pearsanta ábhartha uile agus, más cuí, breithneoidh sé cur i bhfeidhm an tsrianta faoi alt 60(3)(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

## An ceart atá agat chun gearán a dhéanamh

Má bhíonn aon cheisteanna agat faoin dóigh a bpróiseáiltear do shonraí pearsanta, seol ríomhphost chuig patents@lsra.ie

Mura bhfuil tú sásta leis an dóigh a bpróiseálann an Coiste do shonraí pearsanta, beidh an ceart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, D02 RD28. Téigh chuig www.dataprotection.ie chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

## Athruithe ar an Ráiteas Cosanta Sonraí seo

Is doiciméad beo é an Ráiteas Cosanta Sonraí seo. Tá sé faoi réir athrú agus athrófar é chun dáta ó am go chéile.

**An Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta**